

## Ó ‘Bhealarúis’ go ‘Bheir mé ó’!

Le linn **Scoil Ceoil an tSamhraidh i mBaile Locha Riach**, cuireadh rang speisialta ar siúl le haghaidh pháistí ó **Chernobyl** a bhí ar saoire sa chomharsanacht ar feadh coicise.

Ba é an eagraíocht ‘*Athas*’ a d’eagraigh an saoire seo dóibh. Tuigtear go gcuidíonn sé go mór le saoire in Éirinn a thabhairt do pháistí **Chernobyl** agus go mbíonn saol níos faide acu de bharr roinnt seachtaine a chaitheamh i dtimpeallacht sláintiúil na hÉireann.

Agus páistí **Chernobyl** ar an **Scoil Ceoil**, d’fhoghlaim siad amhrán breá gaelach ‘*Bheir mé ó*’. Bhí siad iontach maith ag canadh agus a bhuíochas don teangeaire a bhí i láthair... tugadh le fios dóibh cad is brí leis an amhrán. Ní amháin sin ach tugadh deis dóibh an fonn a bhualadh ar an fheadóg stáine fosta.

Caithfidh a rá go raibh an rang seo thar a bheith speisiúil óir ní fhaca duine ar bith acu feadóg stáine riamh roimhe agus bhí sé deacair go leor dóibh teacht i dtaithí ar láimhseáil na feadóga. Faraor, ní raibh siad cinnte fán áit is fearr dá méara is cé chomh crua a ba cheart dóibh séideadh.

Sa deireadh, caithfidh a rá gur éirigh go maith leis na páistí amhrán agus fonn a fhoghlaim i ndiaidh rang amháin. D’fhreastail siad ar cheolchoirm na bpáistí an tráthnóna sin, áit a thug siad cluas l’éisteacht do na páistí uile a d’fhreastal ar an **Scoil Ceoil**.

I ndiaidh tamaill, thug siad le fios go raibh siad féin ag iarraidh an méid a bhí foghlamtha acu ar maidin a chasadh ar ardán. Sheinn siad ‘*Bheir mé ó*’ go soiléir don lucht éisteachta agus ba mhór an spreagadh do fhoghlaimoirí ceoil agus amhránaíochta a leithéid a chloisteail.

Caithfidh a rá go raibh na páistí **Chernobyl** thar a bheith sásta go raibh amhrán i nGaeilge foghlamtha acu agus go raibh siad ag gabháil abhaile le feadóga stáine leis an fonn a bhualadh dá gcairde sa bhaile. Ní fios ach gach seans go mbeidh siad ag iarraidh tógáil ar a stóras ceoil i **mBealarúis**.



*Grianghraf faoi iamh:*

*Páistí ó Chernobyl: I ndiaidh do pháistí ó Bhealarúis an t-amhrán ‘Bheir mé ó’ a fhoghlaim, d’éirigh leo an fonn a chasadh ar fheadóga stáine... feictear cuid acu anseo i gcuideachta le teangeaire a bhí i láthair ag Scoil Ceoil an tSamhraidh i mBaile Locha Riach le deireannas.*